2026/2375

27.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2375 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/609 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na Máratáine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Márta 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/609 ([1]).

(2) An 28 Bealtaine 2026, thacaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála le hath-leithdháileadh beartaithe na gcistí atá ar fáil in 2026, lena n-áirítear méadú EUR 8 000 000 le haghaidh an bhirt cúnaimh chun tacú le Fórsaí Armtha na Máratáine.

(3) Ní mór tacaíocht chomhlántach, lena n-áirítear cúnamh teicniúil cabhlaigh a sholáthar ar feadh tréimhse i ndiaidh dháta deiridh reatha thréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2025/609. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh 24 mhí a chur le fad na mbeart cúnaimh ón 24 Márta 2028 go dtí an 23 Márta 2030.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2025/609 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/609 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Mairfidh an beart cúnaimh 60 mí ón dáta a ghlacfar an Cinneadh seo.’;

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. EUR 28 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.’.

([1]) Cinneadh (CBES) 2025/609 ón gComhairle an 24 Márta 2025 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na Máratáine (IO L, 2025/609, 25.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/609/oj).

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON